# An Fiolar Feallṫaċ.

1. Ḃí rí ar Éirinn agus ḃí aon ṁac aṁáin aige. Maidin tar éis éiriġṫe do na buaċaillíḃ aimsire fuaradar an t-ioṫla[1] lán d'éanlaiṫiḃ éagsaṁla agus ṫugadar sgéal do'n ríġ go raḃadar ann. Duḃairt an rí gan bac leo go n-éireóċaḋ féin, agus níor ḃacadar.

2. Ḃí an mac i n-a ċodlaḋ aileis, aċt má ḃí, do ḋúisiġ an ċaint é, agus do ċualaiḋ an cóṁráḋ do ḃí aca. D'éiriġ sé níos luaiṫe ná a aṫair; ċuir a ċuid éadaiġ uime, d'ḟéaċ amaċ ṫríd an ḃfuinneoig agus do ċonnaic na héanlaiṫe go léir; do riṫ ċun a ġunna; do ċaiṫ urċar agus do leónuiġ fiolar san ċois,

3. Ar n-éiriġe do'n aṫair ċonnaic an fiolar bacaċ ⁊ d'ḟiafruiġ de cad d'imṫiġ air agus ar ḃ'ḟéidir a leiġeas.

"Do ṁac-sa do león mé," ar sé, "agus ní leiġeasfaiḋ éinní me aċt seaċt mart na seaċt mbliaḋan."

"Ní puinn sain," ars' an rí, "agus do ġeóḃair iad pé tráṫ is mian leat."

4. Annsain duḃairt an fiolar le gaċ a raiḃ sa ċúirt dul amaċ go fóil aċt mac an ríoġ aṁáin.

Do ċuadar, agus nuair ḃíodar go léir amuiġ duḃairt an fiolar le mac an ríoġ dul ar a ḋruim. Do ċuaiḋ, aċt má ċuaiḋ, níor ḃ'ḟéidir leis teaċt anuas arís go dtug an fiolar ċun an Doṁan Toir é do'n sgríḃ sin. Mac sean-ċailliġe b'eaḋ an fiolar so.

Nuair sroiċ sé ceann a riain d'innis d'á ṁáṫair go

[1] ioṫla; gáirdín i n-a gcoimeádtar féar, tuiġe, ⁊c.